


OÍCHE CHULTÚIR
AN GHAELTACHT 2020

Is ócáid ollmhór bhliantúil í an Oíche Chultúir a thugann ardán do shaol cultúrtha na tíre seo. Léiríonn sé íomhá chumhachtach láidir den dea-thionchar a bhíonn ag imeachtaí cultúrtha ar an tsochaí. Tá lúcháir orainn imeachtaí Gaeltachta a chur i láthair arís i mbliana le imeachtaí eagraithe ar fud na Gaeltachta, saor in aisce, ag ealaíontóirí agus ag eagrais ealaíon i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta Teo. Is luach fíorthábhachtach iad na healaíona maidir le híomhá na tíre go hidirnáisiúnta agus maidir le féiniúlacht na Gaeltachta a chur os comhair an phobail i gcoitinne. Is deis atá san oíche seo cur i gcuimhne dár bpobal féin agus go náisiúnta an ealaín ardchaighdeánach atá á cruthú sa Ghaeltacht agus a bheith bródúil as. Bigí linn agus blaisigí den saibhreas cultúrtha atá curtha ar fáil saor in aisce in bhuir gceantair!

Culture Night is the largest platform to showcase the country's cultural offering and represents an extremely powerful and positive image of the vast contribution culture can make to our society. It celebrates the cultural and artistic richness of Ireland and provides us all with opportunities to participate in cultural events throughout the country. Artists and arts organisations in conjunction with Ealaín na Gaeltachta Teo, have come together again this this year to organise a wealth of activities for you to participate in or simply enjoy at your leisure. It is a fantastic occasion to showcase the rich, valuable and unique cultural vibrancy of the Gaeltacht. Remember, all events are free of charge so join us in celebrating your culture!

Ar líne Beo Beo agus Ar Líne

LE CHÉILE
TRÍ CHULTÚR



DÉ hAOINE 18
MEÁN FÓMHAIR
CULTURENIGHT.IE

AN GHAELTACHT 2020



Ambasadóir
na Gaeltachta

Tá lúcháir orainn go bhfuil Pól Ó Ceannabháin linn mar Ambasadóir na Gaeltachta don Oíche Chultúir i mbliana. Rugadh agus tógadh Pól Mhicheál Mháire Ghabha Ó Ceannabháin, san Áird Thoir i gCarna, Conamara. D'fhás sé aníos i gclann a bhí saite san amhránaíocht ar an sean-nós agus an ceol traidisiúnta. Bhí clú agus cáil ar athair Phóil, Michael Mháire Ghabha mar amhránaí sean-nóis agus mar cheoltóir agus a mháthair siúd, Máire Ghabha. Is uathu siúd agus a d'fhoghlaim Pól go leor do na hamhráin atá aige. Is minic le Pól a bheith le feiceáil ar an teilifís, más a chasadh amhráin é, ag aisteoireacht nó mar láithreoir. Bronnadh duais Amhránaí na Bliana ar sa bhliain 2016 ag Gradam Ceoil TG4. Beidh Pól linn ar Facebook ar an Oíche Chultúir chun celliúradh a dhéanamh ar an amhránaíocht ar an sean-nós agus an ceol traidisiúnta, i dteannta a chlann agus iad ag canadh agus ag ceol cois tine.

We are delighted to announce that Pól Ó Ceannabháin is this year's Gaeltacht Ambassador for Culture Night. Pól Mhicheál Mháire Ghabha Ó Ceannabháin was born and raised in An Áird Thoir in Carna, Conamara. He grew up in a musical family immersed in sean-nós singing and traditional music. He is the son of the well-known sean-nós singer, Michael Mháire Ghabha and musician, Máire Ghabha. It is from his parents and grandparents that Pól has obtained his musical ability of sean-nós singing and song-writing. Pól is often to be seen on the big screen singing, acting or as a presenter. He was awarded Singer of the Year award in 2016 at Gradam Ceoil TG4.

Pól will host a special event live on Facebook for Culture Night, where he will invite his family members to be with him for an evening of songs and stories by the hearth.

Tearmann
Sanctuary

Láthair: TG4 Am: 20.00-20.30

Scannán cruthaíoch ag léiriú roinnt don obair nuálach atá ar bun ag ealaíontóirí éagsúla sna ceantair Gaeltachta. Fiosraíonn an clár an tionchar atá ag tírdhreach, cultúr agus na pobail Gaeltachta ar ghlún nua ealaíontóirí. Páirteach sa gclár tá Cathal Mac Fhionnghaile, Eoghan Mac Giolla Bhride, Siobhán Ní Dhuinnín, Áine Ní Chiobháin agus Johnny Óg Connolly. Léirithe i gcomhar le TG4.



Áine Ní Chiobháin



An insightful documentary film featuring new and innovative work from various Gaeltacht artists. The film explores how the landscape, local customs and indeed the Gaeltacht communities themselves continue to influence a new generation of artists.

Eolas: ealain@udaras.ie
074 9560100; www.ealain.ie

Teaghlach
– Oíche Airneáin

Láthair: Ar facebook YouTube
Ealaín na Gaeltachta
Am: 19.00

Celliúradh ar an amhránaíocht ar an sean-nós agus ar cheol traidisiúnta le muintir Uí Cheannabháin. An evening of songs and stories by the hearth with the Ó Ceannabháin family.

Eolas: ealain@udaras.ie
074 9560100; www.ealain.ie

CONNACHT AGUS AN MHÍ

Cois Fharraige:

Féasta filíochta

Láthair: Ar líne agus sa phobal
Am: Ar feadh an lae

Rogha dánta agus rannta do dhaoine óga curtha ar fáil ar-líne agus in ionaid sa phobal. Cuirfear leathanaigh dathúcháin agus siamsaíochta ar fáil bunaithe ar na dánta/rannta le daoine óga a mhealladh le taitneamh a bhaint as an bhfilíocht agus speis a chur ann.

Eolas: www.tuismitheoiri.ie
eolas@tuismitheoiri.ie; 091 869571

An Spidéal:

Iontais an tSaoil
le Cúl an Tí

Láthair: Ceardlann an Spidéil
Am: 19.00-21.00

Buail isteach chuig leabharlann so-ghluaiste fisíúil agus bain sult as saothar ealaíontóirí Chonamara. Eolas: www.culanti.simplesite.com



Lasairfhiona Ní Chonaola

Ar líne:

Scáileán Leictreach

Láthair: Ar facebook AranSinger1
Am: 20.30

Léiriú ar-líne den amhrán nua Scáileán Leictreach le Lasairfhiona Ní Chonaola i gcomhar le 8-BIT Banjo. Eolas: www.facebook.com/Aransinger1

Indreabhán:

Seanleabhair
agus ceardaíocht

Láthair: Ionad an Údaráis (Coláiste Lurgan) Am: 16.00-19.00

Taispeántas seanleabhar agus ceardaíochta le Pastime Chonamara Eolas: www.pastimechonamara.ie

Conamara:



Ciotóg

Láthair: Fíbin, Baile na hAbhann, Conamara, Co. na Gaillimhe H91 A9W8 Am: 19.30-21.30


Coimisiúin Gaillimh 2020 Tóg turas digiteach timpeall Chonamara agus tabhair cluas éisteachta do scéalta, amhráin agus ceol ó na dúichí éagsúla Eolas: www.turaschonamara.ie

Ceantar na nOileán:

Oíche Airneáin

Láthair: Comhairle Ceantar na nOileán Am: 17.00
Láthair: Comhar Chuigéal Am: 18.30

Bí linn d'oíche airneáin idirghluíne chun amhránaithe, scéalaithé agus filí as an gceantar a chloisteáil agus seal a chaitheamh i gcomhlúadar a chéile. Eolas: Glór na nOileán pleanteangacnn@gmail.com



Gloine le Róisín Ní Chionnfhaolaigh

IMEACHTAÍ THÍR CHONAILL



Cathal Mac Fhionnghaile

Gaoth Dobhair:
An Dóigh ina Oibrím

Láthair: Ar facebook YouTube
Ealaín na Gaeltachta
Am: 17.30-18.00

Istigh i stiúideo an ealaíontóra le Andrew Duggan, Sarah Lewtas agus Cathal Mac Fhionnghaile.

Eolas: www.angailearai.com; angailearai@gmail.com



Glór na Gaeltachta

Láthair: Ar facebook YouTube
Amharcclann Gaoth Dobhair
Am: 21.30

Léiriú ar thábhacht na Gaeltachta agus a tionchar ar chultúr, ar cheol agus ar ealaín na hÉireann. Eolas: www.amharcclann.com

An Fál Carrach:



Conor Ó Gallchóir

Oíche Airneáil
sa tSeanbhearaic

Láthair: Ar facebook YouTube
An tSeanbheairic
Am: 21.00-23.00

San oíche airneáil seo cuirfear i láthair cultúr shaibhir Ghaelach Chloich Cheann Fhaola agus bhéarfar le chéile scoith na n-ealaíontóirí as an cheantar. Amhránaíocht ar an tsean-nós, ceol, damhsa, scéalaíocht, comhrá agus cuideachta.

Eolas: 074 91 80888
www.falcarraghvisitorcentre.com

AN DEISCEART

Corca Dhuibhne:

Tonn-Fuaime
Taispeántas ealaíne

Láthair: Ionad an Bhlascaoid Taispeántas ealaíne in Ionad an Bhlascaoid le Deirdre McKenna, Ciara McKenna, Áine Ní Chiobháin, Tomásín Ó Ciobháin agus Honora O'Neill. Stíleanna éagsúla ag teacht le chéile ar nós impasto, tonnta déanta le hoile, eitseálacha don bhfarraige, báid, leamhain ar leabhair, ealaín na sráide agus Fothair na Manach. Leanfaidh an taispeántas ón 11-25 Meán Fómhair.



Muireann Nic Amhlaoibh

Amhrán Dóchais

Láthair: Ar facebook YouTube
Ealaín na Gaeltachta
Am: 16.00

Scannán ceoil curtha le chéile ag Muireann Nic Amhlaoibh lena cuid cairde. Beo ar líne ar Oíche Chultúir.

Tonnta

Láthair: Ar facebook YouTube
agus le feiscint in Lána an Phúca
Am: 18.30

Scannán gairid d'fhisealaíontóirí Chorca Dhuibhne agus iad i mbun oibre.

Múr-phictiúirí

Láthair: Le feiscint in Lána an Phúca sa Daingean agus Trá Bhín Bháin Am: le feiscint ón Oíche Chultúir ar aghaidh

Múr-phictiúirí nua le Dómhnaíl Ó Bric agus Ciara McKenna faoin tharraige agus na Blascaoidí.

Eolas: www.facebook.com/ainenich; ainenichobhain@gmail.com

Oileáin Árann:

I dTeannta a Chéile

Láthair: Halla Rónáin, Inis Mór, Árann Am: 20.00-21.30

Oíche shóisialta le ceol agus amhránaíocht ó agus do phobal Árann.

Eolas: 099 61354/61394
facebook.com/comharchumann.arann

Inis Oírr:

Ceol ón gCaisleáin

Láthair: facebook Áras Éanna Am: 21.30

Ceol beo amuigh faoin aer. Beidh Caisleán Uí Bhriain lasta sa gcúlra, le ceoltóirí áitiúla agus aionna speisialta.

Eolas: 099 61354/61394
facebook.com/comharchumann.arann

Maigh Cuilinn:

An Dúlra

Láthair: Ar líne Am: 19.00

Tá an teanga agus an dúlra lárnach sa saol i Maigh Cuilinn. Is cuid de chultúr na háite na coillte agus an loch agus déantar seo a cheiliúradh trí mheáin ealaíne.

Eolas: www.gaeilgemhaighcuilinn.ie

Dúiche Sheoigheach
agus Tuar Mhic Éadaigh:

Ceol agus ealaíon

Láthair: Ar líne Am: 20.00

Celliúradh ar chultúr agus ar oidhreacht an cheantair trí mheán an cheoil, an damhsa agus na hamhránaíochta. Eolas: www.tourmakeady.com; cdsteo.ie; 094-9544295

Conamara:

Ceol agus ealaíon

Láthair: Interface Inagh, Loch Aighneach, Conamara Am: 16.30-20.30

Ceol, cur i láthair agus taispeántas ealaíona triallach faoi choimeádaíocht Alannah Robins.

Eolas: www.interfaceinagh.com

Maigh Eo:

Seisiún ceoil agus
amhránaíochta

Láthair: Scoil Acla/Ar líne Am: 18.00-20.00

Eolas: 085 8819548, www.scoilacila.ie

Ráth Chairn:

Gaeltacht na Mí

Láthair: YouTube Coiste Pleanála Teanga Ráth Chairn Am: 19.00

Fiseán a thugann léargas ar chultúr na healaíne i nGaeltacht na Mí le damhsóirí, amhránaithe agus ceoltóirí.

Eolas: Éanna Ó Cróinín 086 0824957; Teanga na Mí/Facebook; www.rathchairn.com/pleanail-teanga

